

A Service Of
Commemoration
Of The Easter Rising 1916

19
.....
2016

Seirbhís
Chuimneacháin
ar Éirí Amach na Cásca 1916

GREETING

Christ has brought us out of darkness;
to live in his marvellous light.

The Lord be with you.
And also with you.

BEANNÚ

Is é Críost a thug amach
as an dorchadas sinn;
chun go mairfimis ina sholas iontach.

Go raibh an Tiarna libh.
Agus leat féin.

SENTENCES OF SCRIPTURE

Blessed are those who hunger and thirst
for righteousness; for they will be satisfied
Matthew 5.6

What does the Lord require of you but
to do justice, and to love kindness,
and to walk humbly with your God?
Micah 6.8

ABAIRTÍ AS AN SCRÍOPTÚR

Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus
tart chun na firéantachta orthu, óir
sásófar iad. *Matha 5.6*

Ní iarrann an Tiarna ortach seo: an ceart a
dhéanamh, buanghrá a chothú agus siúl
go humhal i bhfochair do Dhé. *Mioca 6.8*

BIDDING

Brothers and Sisters, In remembering
the events of one hundred years ago,
we, the Church are called to give voice
to shared suffering, silenced and
untold stories, the many and nuanced
narratives, bravery and heroism,
and commitment to ideals that were
underpinned by shared and common
aspirations.

GÚÍ

A Bhráithre agus a Shiúracha, agus sinn
ag cuimhneamh ar na heachtraí a tharla
céad bliain ó shin, iarrtar orainn, mar
Eaglais Chríost, guth a thabhairt don
chomhfhulaingt, don tost agus do na
scéalta nár insíodh, don iliomad cuntas
miondifríochta, don chrógacht agus
don laochras, agus don cheangal sin
don idéalachas a bhí mar bhunchloch le
mianta comhchoitianta na tréimhse sin.

COLLECT AN ORTHA

Heavenly Father, as we mark the centenary of the Easter Rising, grant to us a true sense of what is to be your people in the world. We ask you to so guard and guide all who reflect on the past, all who lead us in the present, and all who shape our future, that we may live and grow in the image of Christ and his glory, in whom we trust and through whom we pray. **Amen.**

READING MATT 5.43-END

‘You have heard that it was said, “You shall love your neighbour and hate your enemy.” But I say to you, Love your enemies and pray for those who persecute you, so that you may be children of your Father in heaven; for he makes his sun rise on the evil and on the good, and sends rain on the righteous and on the unrighteous. For if you love those who love you, what reward do you have? Do not even the tax-collectors do the same? And if you greet only your brothers and sisters, what more are you doing than others? Do not even the Gentiles do the same? Be perfect, therefore, as your heavenly Father is perfect.

A Athair Neamhaí, ag comóradh seo céad bliain Éirí Amach na Cásca, deonaigh dúinn fíorthuisicint ar conas bheith mar phobal Dé ar an saol seo. Iarraimid do chosaint agus do threoir: do gach duine a chuimhníonn ar an am atá thart, dóibh siúd uilig atá mar cheannairí orainn san am i láthair, agus don mhuintir sin a mbeidh lámh acu i múnú an ama atá le teacht, ionas go mairimid agus go bhfásaimid in íomhá Chríost agus ina ghlóir, óir is ann atá ár muinín agus is tríd a dhéanaimid guí. **Áiméan.**

LÉACHT MATHA 5.43 GO DEIREADH

Dúirt Íosa: “Chuala sibh go ndúradh: ‘Bíodh grá agat do do chomharsa agus fuath agat do do namhaid.’ Ach is é a deirimse libh, bíodh grá agaibh do bhur naimhde agus guígí ar son bhur ngéarleantóirí; sin mar a bheidh sibh in bhur gclann ag bhur nAthair atá ar neamh, a chuireann faoi deara dá ghrian éirí ar olc agus ar mhaith, agus a fhearann báisteach ar chóir agus ar mhíchóir. Óir, má thugann sibh grá dóibh seo a thugann grá daoibh, cad é an tuarastal atá ag dul daoibh? Nach ndéanann na poibleacánaigh féin an rud céanna? Agus mura mbeannaíonn sibh ach do bhur mbráithre amháin, an ndéanann sibh aon ní thar na bearta? Nach ndéanann na págánaigh féin an rud céanna? Bígí foirfe, dá bhrí sin, faoi mar atá bhur nAthair neamhaí foirfe.”

PRAYERS

FOR HEALING

AND A COMMITMENT TO LOVE

Almighty God, in your Son our Saviour Jesus Christ you have shown us the way of forgiveness and love: Help us, despite our wounded history, to celebrate all that is good and true in our common life and to affirm and acknowledge our common Irish heritage, through the same Jesus Christ our Lord. **Amen.**

FOR THE REPUBLIC OF IRELAND

Almighty God, as we recall the vision of the leaders of the Easter Rising, we pray for all who today shape our present and envision our future, and that, as citizens of this Republic, we may work for that radical equality and social inclusion taught us by our Saviour Jesus Christ. May we work unfailingly for justice, peace and love, so that our State may embrace the values of your Kingdom on earth as it is in heaven; with the guidance of your Holy Spirit and through Jesus Christ our Lord. **Amen.**

PAIDREACHA

AR SON ÁR SLÁNAITHE AGUS CHUN

CEANGAL AN GHRÁ BHEITH ORAINN

A Athair Uilechumhachtaigh, is é do Mhac Íosa Críost a a léirigh dúinn bealach an mhaithiúnais agus an ghrá: d'ainneoin ghonta na staire s'againne, cabhraigh linn ceiliúradh a dhéanamh ar a bhfuil fíor agus maith inár mbeatha le chéile chun go n-aithnímid agus go ndearbhaímid ár n-oidhreacht choiteann Éireannach, trín Íosa Críost sin ár dTiarna. **Áiméan**

AR SON PHOBLACHT NA HÉIREANN

Dhia Uilechumhachtaigh, ag tabhairt chun cuimhne fíis cheannairí Éirí Amach na Cásca, guímid ar son iad siúd a mhúnlaíonn ár saoil inniu agus ar a son siúd a shamhlaíonn ár saoil san am atá le teacht. Mar shaoránaigh na Poblachta seo, go n-oibrímid le chéile ar son na cothroime radacaí agus an chuimsithe shóisialta sin a mhúin ár Slánaitheoir Íosa Críost dúinn. Go n-oibrímid gan stad gan staonadh ar son an chirt, ar son na síochána, agus ar son an ghrá, ionas go raibh glacadh forleathan sa Stát seo le luachanna sin do Ríochta, anseo ar an talamh mar atá ar neamh: le treorú do Spioraid Naoimh, agus trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan**

FOR FORGIVENESS

Lord God, through your holy prophets you have shown us that justice and righteousness must coexist, and through your Son Jesus Christ you have called us to celebrate the abundance of life. May we honestly admit the hurts of the past, reject violence and division, and earnestly work for mutual respect and the common good in Ireland today. We ask this in the name of Jesus, the Prince of Peace. Amen.

THE LORD'S PRAYER

Our Father, who art in heaven, Hallowed be thy Name, Thy kingdom come, Thy will be done, On earth as it is in heaven. Give us this day our daily bread. And forgive us our trespasses, As we forgive those who trespass against us. And lead us not into temptation, But deliver us from evil. For thine is the kingdom, The power, And the glory, For ever and ever. Amen.

THE PEACE AND DISMISSAL

God has made us one in Christ He has set his seal on upon us and, as a pledge of what is to come, has given the Spirit to dwell in our hearts.

The peace of the Lord
be always with you
and also with you

Go in the joy and peace of Christ
Thanks be to God

AR SON AN MHAITHIÚNAIS

A Thiarna Dia, is trí d'fháithe naofa a léirigh tú dúinn go maireann an ceart agus an chóir le chéile, agus trí do Mhac Íosa Críost ghlaoigh tú orainn chun fliúirse na beatha a cheiliúradh. Go n-adhmaímid go hionraice gonta an ama atá thart, go ndiúltaímid don fhoréigean agus don easaontas, agus go ndéanaimid ár ndícheall chun an chomhuarraim agus leas phobal na hÉireann a chur chun cinn sa lá atá inniu ann. Iarraimid é seo in ainm Íosa, Prionsa na Síochána. Áiméan

AN PHAIDIR

Ár nAthair, atá ar neamh, go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar talamh, mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu. Agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin. Agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ón olc. Óir is leatsa an ríocht, agus an chumhacht, agus an ghlóir, trí shaol na saol. Áiméan

AN TSÍOCHÁIN AGUS AN SCAIPEADH

D'aontaigh Dia sinn i gCríost. Chuir sé a shéala orainn, agus mar ghealltanais ar a bhfuil le teacht, thug sé dúinn an Spiorad le cónaí inár gcroí.

Go raibh síocháin an Tiarna
libh i dtólamh
Agus leat féin.

Imigí faoi lúcháir agus faoi shíocháin
Chríost
Buíochas le Dia.